

---

# TAISCE ACMHAINNÍ IOMPAIR NA SEIRBHÍSE TACAÍOCHTA D'OIDEACHAS SPEISIALTA (STOS)

---



Treoirbhileog 6

---

## CÉIMEANNA BEAGA: AG SEACHAINT ACHRAINN

---

Mhol Gerard Gordon (“Managing Challenging Children”) an straitéis seo chun iompair áirithe a chosc nó a bhainistiú. Cuireann an straitéis síos céim ar chéim ar conas déileáil le hiompair atá dúshlánach. Is é an bunphrionsabal atá léi nach rachaimid isteach in achrann le dalta chun fadhb chasta a réiteach ar dtús, ach go dtosóimid ag leibhéal níos simplí, agus go rachaimid ar aghaidh ansin céim ar chéim níos doimhne isteach san fhadhb. Sna céimeanna thíos, bogann siad ó chéimeanna nach gcuirfidh isteach mórán ar an dalta go céimeanna a chuirfidh isteach go mór ar an dalta. Chomh luath agus a bhíonn an dalta á iompar féin mar is ceart arís, tá sé tábhachtach an dalta a mholadh láithreach chun béim a chur air gurb é sin an rud atá uainn.

### Céim 1: Iompar cuí a aithint

Tabhair aitheantas d’iompar cuí dalta eile i ngar don dalta nach bhfuil á (h)iompar féin go cuí. Agus iarracht ar bun Jane a chur ag obair, d’fhéadfaimis a rá leis an dalta atá ina suí lena taobh: “Maith an cailín a Áine, is breá an rud é go bhfuil tú ag tosú ag obair chomh tapa”. Má éiríonn leis an mbeart sin Jane a chur ag obair, ní bheidh gá aon rud eile a dhéanamh.

### Céim 2: Níos mó ama a chaitheamh gar don dalta

De réir a chéile bog níos gaire do spás an dalta, agus lean ort ag moladh daltaí eile a bhfuil iompar cuí ar bun acu agus atá in aice leis an dalta. Seans go stadfaidh sin an t-iompar míchuí nó go gcuirfidh sé tús leis an rud atáthar ag iarraidh a bhaint amach. Ní gá féachaint sna súile ar an dalta ná a bheith ag féachaint ar a chéile ag an bpointe seo.

### Céim 3: Ceist bheag phríobháideach

Mura n-oibríonn an modh thuas, cuir ceist bheag ar an dalta agus labhair go híseal leis/léi m.sh. “A Sheáin, an féidir liom cabhrú leat tosú ar do chuid oibre” nó “A Lisa, an bhfuil rud éigin mícheart..?” Seans go mbeidh sé níos oiriúnaí tú féin a íslú go fisiciúil go leibhéal an dalta, in ionad fanacht i do sheasamh ag breathnú anuas ar an dalta.

### Céim 4: Treoir bheag phríobháideach nuair a bheidh seal beag ag an dalta

Má theipeann ar an gceist, tá sé in am treoir bheag a thabhairt (arís, é a dhéanamh go príobháideach / discrídeach). “Pat, tá sé in am agat tosú ar do cheacht Matamaitice, go raibh maith agat”. Taispeánann an ‘go raibh maith agat’ ag an deireadh go bhfuil tú ag súil go gcomhlíonfaidh an dalta an treoir. Tabhair ‘seal beag ama’ don dalta le tosú, seachas aon chineál teannais a chruthú ag rá “láithreach” nó a bheith achrannach i dtuin do chuid cainte.

### Céim 5: Aithin agus atreoraigh (ná bí ag argóint)

Má thosaíonn an dalta ag argóint a rá “Nílím ag iarraidh é a dhéanamh” nó “Níl aon fhonn orm” ansin aithin an méid a dúirt an páiste agus fill ar an gceist arís. “b’fhéidir gurbh fhearr leat gan an obair seo a dhéanamh, ach seo é an t-am atá againn le Matamaitic a fhoghlaim, mar sin, táim ag iarraidh ort tosú ag obair. Go raibh maith agat.”

### Céim 6: Riail a mheabhrú don dalta

Má leanann an dalta ag argóint nó ag déanamh neamhairde don treoir / atreoir, meabhraigh an riail go príobháideach dó/di agus bí diongbháilte, agus b'fhéidir, taispeáin an riail dó/di má tá sí ar taispeáint. "Peter, cuimhnigh ar riail an ranga: *Inár rang, úsáidimid an t-am atá againn chun rudaí a fhoghlaim. Leanaimid na treoracha a fhaighimid ón bhfoireann agus déanaimid ár ndícheall*". Nó ina ionad sin, iarr ar an dalta an riail a rá amach nó an riail a aithint a mheasann sé/sí atá oiriúnach sa chás seo.

### Céim 7: Tairg rogha

Mura n-éiríonn linn an t-iompar cuí a chur ina luí ar an dalta fós, caithfimid a rá go soiléir leis an dalta cad a tharlóidh má leanann iompar an dalta ar aghaidh mar atá sé; tá rogha ann "Mandy, féadfaidh tú tosú ag obair anois nó féadfaidh tú leanúint ort mar atá tú. Má thosaíonn tú ag obair anois, is é an rud a tharlóidh go dtabharfaidh mé tacaíocht duit agus go gcabhróidh mé leat má theastaíonn cabhair uait. Ach, má roghnaíonn tú gan tosú ag obair, ansin is é an rud a tharlóidh go ... (scríobhfaidh mé nóta i do dhialann / gcoinneoidh mé siar tar éis an ranga / dtógfaidh mé cúig nóiméad as d'Am Órga srl). Is fút féin atá sé! Go raibh maith agat!". Tabhair seal beag ama arís don dalta smaoiniamh ar na rudaí dearfacha agus ar na rudaí diúltacha a tharlóidh.

### Céim 8: Am don dalta suaimhniú síos

Má dhiúltaíonn an dalta fós comhoibriú, ansin caithfimid céimeanna níos troime a ghlacadh. Ar dtús, tugaimid roinnt ama don dalta suaimhniú sa seomra ranga (bíodh deasc agus cathaoir bhreise agat agus cuir an dalta ina s(h)uí anseo). Ní bheidh aird ag aon duine eile sa rang ar an dalta le linn an ama sin. Inis don dalta cén fad is mian leat a thabhairt don dalta le suaimhniú nó iarr ar an dalta a insint duit cathain a bheidh an dalta réidh le dul ar ais i mbun oibre sa rang. Tar éis don dalta suaimhniú síos, cuir fáilte roimh an dalta isteach sa rang. "Ceart go leor, Tim, tá d'am thuas. Féadfaidh tú teacht ar ais anois agus do chuid oibre a dhéanamh in éineacht leis an rang."

### Céim 9: Plean amach

Is céim thromchúiseach go leor é seo agus níor chóir é a dhéanamh ach amháin nuair a theipfidh ar gach rud eile. An rud is tábhachtaí faoi ná go bhfuil **plean** againn is féidir a chur i bhfeidhm, agus atá mínithe againn do dhaltá, do thuismitheoirí agus d'fhoireann eile roimh ré. Seans go mbeidh gá leis i gcás dalta atá ag bagairt, ag troid, nó á iompar féin ar bhealach atá contúirteach dá s(h)ábháilteacht nó do shábháilteacht daoine eile, nó ag leanúint d'iompar leanúnach in aon turas a chuireann cosc ar dhaoine eile sa rang aon rud a fhoghlaim / a mhúineadh. Sa phlean seo, smaoinigh:

- **Cé** a chuirfidh an dalta amach?
- **Cá** rachaidh sé/sí?
- **Cad** a tharlóidh don dalta le linn na "fionraí gairide" agus ina dhiaidh?
- **Cathain** a bheidh an dalta in ann filleadh ar an rang?
- **Cad** a tharlóidh má chaithfimid an cás a thabhairt chomh fada leis an gcéim seo arís leis an dalta?

Agus tú ag cur dalta amach as an seomra, déan cinnte a rá leis an dalta go mbeidh fáilte roimh an dalta ar ais sa rang nuair a aontóidh an dalta cloí le rialacha an ranga / leis an gcomhaontú maidir le hiompar ranga / leis an bplean tacaíochta iompair aonair.

**Foinse:** Gordon, G. (1996) *Managing Challenging Children*, New Ross: Prim-Ed Publishing. ISBN 1864003022